# A dhuine chaitheas corp Dé

[McKenna, L.: *Dán Dé: The poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the religious poems in the duanaire of the Yellow Book of Lecan*, Dublin, 1922, poem 18]

Tuathal Ó hUiginn

1 A dhuine chaitheas corp Dé
ar do chroidhe cuir [. . .]
an t-olc muna nighe a-niogh
ní dhlighe a chorp [do chaitheamh].

2 Nocha cabhair corp an Ríogh
[má] chaitheam i [gceann míghníomh]
re béal a theachta don toigh
is beanta fréamh [an pheacaidh].

3 Is dána caitheamh an chuirp
má tá fúd feacadh d'iarmuirt
gurab glan gidh bé do bhir
's go rabh [é ].

4 An corp do naomhadh do nimh
le briathraibh Meic Dé dhúiligh
ól an chuirp-se i gceann na gcean
is fearr [duid-se] ar an Dúileamh.

5 Dá ndearnta a chaitheamh gan chion
ní biadh acht corp an Choimdheadh
mairg do ríne seacha soin
beatha fhíre [ ].

6 A chaitheamh 's an t-olc im ucht
[is bás daonnacht]
[is uar] dán soghabhtha sin
gidh tuar cobhartha a chaithimh.

7 Ní fheadar d'fheabhus a ghnímh
don [ ] Airdrígh
uch sinn uile ar Dhia dána
cia an duine budh diongmhála.

8 Déanamh thort ní tualaing sinn
[a] chorp Íosa is é [chuingim]
[ ] thuigse ní [d'fhior]
[ ] do chaitheamh.

9 Ní fiú mé re méad mo chean

ucht ort a chuirp an Choimdheadh
gion go bhfagha soitheach
sunn go ngabha ar [      ].

10 Toil na gciontadh im chroidhe
a chuirp Chríosd i gcomhnoidhe
dá gcaitheam thú leis an toil
a-tú ag aithfheall ar mh’anmain

11 Fan anamsa ar ar fheall mé
iomdha créacht ort ón Aoine
mar tá tú uainne is ionnsa
’s a fhuaire a-tú id thimchioll-sa.

12 Ag so an corp lér saoradh sinn
ar theinidh thighe Ifrinn
ceadh ná tabhraim é dom óigh
’s é ’n-a abhlainn im onóir.

13 A dtug an Dúilearnh dearbh linn
daoibh a chlann Ádhaimh d’uirrim
ag so an corp do fhoráil air
gidh olc a onáir eadraibh.

14 Gan thoghairm a-nuas do nimh
ní thiocfadh corp Dé dhúiligh
re a chuireadh níor bh’fhoráil d’fhior
go bhfuigheadh onáir aoidheadh.

15 Glan an croidhe ar a chionn sin
más áil onóir don aoidhidh
ní bhi go dána [ar dhuine]
’s a námha ní as neartmhaire.

16 Déana agus tiocfa a thoradh
an t-aoidhidh-se dá chádhoghadh
is é luibh na sláinte sin
cuir fáilte ris an aoidhidh.

17 A-tá agaibh adhbhar cóir
fá ndligh an t-aoidhe onóir
a bhfuil uaibh-se don aoidhidh
uaisle ar chuir dá chomaoinibh.

18 Ort gion go mb’é budh treise
díol onóra an t-aoidhei-se
tugtha dhó í ar a fheabhas
is ní as mhó ar a mhuinntearas.

19 Más fá uaisle as áil a mheas
corp Chríosd rén cubhaidh deithneas
cia ar an gcorsain fear ’gá bhfuil
a theagh cosmhail fá chomhair.

20 An t-Athair neamhdha do nimh
Muire máthair an Dúilimh
a tuigse uaibh-se níor eol
uaisle an chuirpse ón dá cheineol.

21 Tuig ná budh teaghdhais chubhaidh
dó an croidhe nar chaomhnubhair
an uair cheise ar an gcroidhe
smuain gur treise an trócuire.

22 Íosa Críosd isa chorp sain
luach a chuarda ag cloinn Ádhaimh
ní cóir chuingeas ar a chloinn
do chóidh a cuibhdheas chugoinn.

23 Do fhágaibh ag cách a chorp
mar aodhaire ar a n-annsocht
maith feitheamh Dé ar an duine
is é ar dteicheadh trócuire.

24 Dia Dhardaoin i ndiaidh an bhraith
fríoth an abhlainn ón Ardfhlaith
dá ndéantair feoil agus fuil
’n-a réaltain eoil dom anmain.

25 Do dheibhléanaibh Dé nimhe
san aimsirse d’áiridhe
an Rí do roighne ionnladh
’s do ní an Coimdhe ceiliobhradh

26 Do gheall an Rí go rachadh
ar son cháich dá chréachtnachadh
ar lucht toighe an Ríogh do roinn
fíon ler oile agus abhloinn.

27 M’fhuil agus m’fheoil is iad so
do ráidh an t-Airdrí Íosa
a chaithimh mar as cubhuidh
do aithin dá easbalaibh.

28 Do mhian [chobhartha] a chloinne
a chorp i gcruth abhloinne
mar shéala ar a shíodh ó shoin
ag síol Éabha do fhágaibh.

29 Tabhram onóir ’n-a ionadh
do chorp dhaonna an Dúiliomhan
tar éis sgarthana an Ríogh ruinn
bíodh an t-athchara aguinn.

30 Beag dá ghaol do ghéabhadh neamh
dá mbeath thuas corp an Choimdheadh
obar is a bheith i bhus
breith na bpobal i bParrthus.

31 Ó do fhágaibh Mac Muire
do thoirbhirt a thrócuire
é i ndeaghaidh Dé ar an domhan
deaghail de níor dhealoghadh.

32 Dia Dhardaoin i n-a dheaghaidh
tug sa tiomna dhéidheanaigh
gidh olc do thoill ó thosaigh
dá chloinn an corp céadnasain.

33 Ag imtheacht a-nonn ar neamh
ó dheibhléanaibh don Dúileamh
sochar Dé dhúiligh dhamh-sa
do núidhigh sé an socharsa.